V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

FÓGRA FOLÚNTAIS ECA/2022/6

Stiúrthóir — aon phost amháin

(Feidhmghrúpa AD, grád 14)

Iniúchóireacht

(2022/C 173 A/01)

CÉ MUID FÉIN

Bunaíodh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) in 1975 mar iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í an Chúirt. Tá sí lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 duine, de gach náisiúntacht den Aontas, fostaithe ar an bhfoireann iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin.

Feidhmíonn CIE mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gComhalta, le comhalta amháin ann as gach Ballstát den Aontas. Seiceálann ár n-iniúchóirí go bhfuil cuntais mhaithe á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige agus go bhfuil beartais agus cláir an Aontais ag baint amach na gcuspóirí atá beartaithe leo agus go dtugann siad luach ar airgead i gcrích.

Trínár gcuid oibre, is féidir linn difear a dhéanamh trí chabhrú leis an Aontas Eorpach úsáid níos fearr a bhaint as a chuid airgid. Cabhraímid le bainistiú airgeadais an Aontais a fheabhsú agus bíonn cuntasacht agus trédhearcacht á gcur chun cinn againn. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, tarraingímid aird ar easnaimh agus scéalta rathúla agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais. Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtas agus na bparlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Is eagraíocht nua-aimseartha agus fhuinniúil sinn, atá ar ár ndícheall le barr feabhais, gairmiúlacht, trédhearcacht agus ionracas a chothú agus a chur chun cinn. Breathnaímid orainn féin mar institiúid ilghnéitheach, sholúbtha agus chothromasach a thugann an deis do gach duine lántairbhe a bhaint as na buanna atá acu.

Trínár bpáirtíocht aonair agus chomhchoiteann in imeachtaí CIE agus trínár gclár oiliúna uaillmhianach, tá sé mar aidhm againn áit oibre a dhéanamh den Chúirt Iniúchóirí a spreagann an éirim aigne, agus í a bheith ina **heagraíocht fhoghlaimbhunaithe** a bhíonn ag brath ar **eolas institiúideach** agus ar **dhaoine atá spreagtha agus dea-oilte** chun fónamh don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh.

Is institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh ar scála daonna sinn: éascaíonn sé sin an t-imeascadh, cothaíonn sé idirghníomhú níos éasca agus spreagann sé obair bhuíne. Cuirimid uaireanta oibre solúbtha ar fáil agus tá an deis ann teilea-obair a dhéanamh, agus é sin lasmuigh den áit chónaithe chomh maith. Is mór againn an éagsúlacht agus an cuimsiú, cuirimid comhionannas deiseanna chun cinn agus déanaimid deimhin de go bhfuil timpeallacht oibre ann ina dtugtar urraim do chách agus atá bunaithe ar chumarsáid oscailte, ar idirphlé agus ar mhuinín fhrithpháirteach.

Is gnéithe tábhachtacha dár mbeartais inmheánacha iad rannpháirtíocht foirne, dea-bhail na bhfostaithe agus a bheith aireach i dtaobh an chomhshaoil.

A bhFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Tá an fógra folúntais seo á eisiúint ar bhonn Airteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]).

([1]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20220101&qid=1612273468772&from=EN

Is ag grád AD 14 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. Is é EUR 15 225,35 an buntuarastal míosúil. De réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sna Rialacháin Foirne, d'fhéadfaí sochair áirithe a chur leis an mbuntuarastal, atá faoi réir cháin AE agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

An duine a cheapfar chuig an bpost seo mar Stiúrthóir, beidh sé nó sí cuntasach do Sheomra Iniúchóireachta agus tabharfaidh sé nó sí cúnamh do Chomhaltaí an tSeomra sin i ndéanamh na dtascanna iniúchóireachta.

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sna príomhchúraimí:

— an fhoireann agus acmhainní airgeadais a bhainistiú;

— clársceidealú, faireachán agus tuairisciú;

— rannchuidiú le tascanna cothrománacha agus cuspóirí straitéiseacha CIE, agus oibriú in eagras tascbhunaithe;

— tacaíocht agus eolas den scoth a sholáthar;

— maoirseacht agus rialú iniúchóireachta a áirithiú; agus

— a áirithiú go ndéantar gach tasc i gceart agus i gcomhréir le ceanglais cháilíochta CIE agus le cleachtais agus caighdeáin iniúchóireachta.

A bhFUIL Á LORG AGAINN

I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

1. **Coinníollacha earcaíochta**

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní foláir do na hiarrthóirí, ar dháta a n-iarratais:

— a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— a gcearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu;

— aon oibleagáid a chuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu; agus

— na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

2. **Cáilíochtaí**

I gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

(i) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma nuair is 4 bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó

(ii) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí de 1 bhliain amháin ar a laghad nuair is 3 bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse d'oideachas ollscoile, nó

(iii) sa chás go bhfuil bonn cirt leis chun leasa na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

3. **Taithí ghairmiúil**

Taithí ghairmiúil chruthaithe 18 mbliana ar a laghad ó fuarthas an cháilíocht thuasluaite, lena n-áirítear 4 bliana ar a laghad ag bainistiú acmhainní daonna agus buiséadacha. Go sonrach, teastaíonn taithí fhónta chruthaithe 10 mbliana ar a laghad san iniúchóireacht (lena n-áirítear pleanáil iniúchóireachta, maoirseacht, rialú cáilíochta agus tuairisciú).

4. **Eolas ar theangacha**

Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla oibre na Cúirte, tá eolas an-mhaith ar cheann de na teangacha sin ag teastáil (leibhéal C1 ar a laghad sa tuiscint, sa labhairt agus sa scríobh), chomh maith le heolas maith ar an teanga eile (leibhéal B2 ar a laghad sna catagóirí céanna).

Is féidir leat do chuid scileanna teanga iasachta a mheas ag: https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-2-cefr-3.3-common-reference-levels-self-assessment-grid

II. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

1) Sáreolas ar chaighdeáin agus modheolaíocht na hiniúchóireachta i réimsí na hiniúchóireachta airgeadais, feidhmíochta agus comhlíontachta agus ar bhainistiú fónta airgeadais;

2) Eolas an-mhaith ar airgeadas poiblí an Aontais Eorpaigh agus ar iniúchóireacht na hearnála poiblí;

3) Sárchumas ó thaobh straitéisí a bhaineann leis an eagraíocht nó le hobair allamuigh a dhearadh agus a chur chun feidhme;

4) Cur amach den scoth ar mhodhanna bainistíochta;

5) Sárchumas ó thaobh foirne ilteangacha agus ilchultúrtha a stiúradh agus a spreagadh, ó thaobh an cumas atá i ndaoine a aithint agus deis a thabhairt dóibh lántairbhe a bhaint as an gcumas sin, agus ó thaobh coimhlint a bhainistiú;

6) Díocas an-láidir le bheith mar chuid den fhoireann bainistíochta riaracháin in institiúid de chuid an Aontais a bhíonn ar a dícheall i gcónaí le feabhas a chur ar a cuid seirbhísí;

7) Sárscileanna cumarsáide;

8) Tuiscint an-mhaith ar an gcaoi le bheith stuama agus críonna sa chaidreamh le do chomhleithéidí féin nó le geallsealbhóirí agus sa chaidreamh leis an bhfoireann;

9) Measfar gur buntáiste a bheidh in eolas ar Rialacháin Foirne agus Rialachán Airgeadais ([2]) an Aontais Eorpaigh.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

I. INCHÁILITHEACHT

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 31-2015 ón gCúirt maidir leis na nósanna imeachta chun príomhbhainisteoirí agus stiúrthóirí a roghnú, déanfar bord réamhroghnúcháin a chur ar bun chun na hiarrthóirí incháilithe a mheasúnú bunaithe ar na ceithre chritéar incháilitheachta atá luaite sa roinn dar teideal "A bhfuil á lorg againn".

II. RÉAMHROGHNÚCHÁN

Déanfaidh an bord réamhroghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí, ar thaithí ghairmiúil agus ar scileanna gach iarrthóra atá **incháilithe** bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh tugtha acu ina n-iarratas, agus cuirfear na hiarratais i gcomparáid le chéile.

Ag an gcéim seo den nós imeachta roghnúcháin, is iad critéir 1 go 7, agus iadsan amháin, a bheidh mar bhunús do mheasúnú an bhoird.

Ós rud é go bhfuil an chéad roghnúchán seo bunaithe ar mheasúnú comparáideach ar thuillteanais an duine aonair, ní bheidh gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir fhoriomlána a leagtar amach san fhógra folúntais seo, agus a mbeidh a n-iarratas á mheas ag an mbord le linn an mheasúnaithe ar na hiarratais, in ann dul ar aghaidh go huathoibríoch chuig an gcéad chéim eile den nós imeachta.

Bunaithe ar an measúnú comparáideach sin, cuirfidh an Bord an **8 (ochtar)** ([3]) **iarrthóirí is oiriúnaí** ar ghearrliosta.

III. ROGHNÚCHÁN

Déanfaidh an bord na hiarrthóirí ar an ngearrliosta a mheasúnú bunaithe ar agallamh agus ar mheasúnú scríofa (féach na critéir roghnúcháin thuas).

Ní dhéanfaidh an bord critéir roghnúcháin 6 agus 9 a mheas sa mheasúnú scríofa.

Déanfaidh an bord na critéir roghnúcháin go léir a mheas le linn an agallaimh.

Úsáidfear torthaí an agallaimh agus an mheasúnaithe scríofa chun an t-iarrthóir a mheastar is fearr atá cáilithe don phost a shainaithint.

Bunaithe ar thuarascáil an bhoird réamhroghnúcháin, déanfaidh an Chúirt, ag ceann dá cuid cruinnithe, cinneadh a ghlacadh chun aon iarrthóir amháin a cheapadh.

IARRATAIS

Is é an 20 Bealtaine 2022 ar 12.00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.

([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018R1046&from=GA
([3]) Ar choinníoll gur ann do dhóthain iarrthóirí incháilithe.

Ní foláir an t-iarratas a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus is é **an t-aon bhealach** lena chur isteach ná **tríd an bhfhoirm ar líne** atá ar fáil ag bun an fhógra folúntais **(EN nó FR)** ar an leathanach Deiseanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí (faoi "Open positions" [Poist oscailte]): https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx

Caithfidh na doiciméid seo a leanas, arna ndréachtú i mBéarla nó i bhFraincis, a bheith san iarratas:

— litir inspreagtha **(ceithre leathanach ar a mhéad)**;

— CV atá cothrom le dáta **(seacht leathanach ar a mhéad)**, agus b'fhearr dá mbeadh sé leagtha amach i bhformáid Europass (féach https://europa.eu/europass/).

Diúltófar d'iarratais nach gcloíonn go docht leis na treoracha seo.

Is ar bhonn na faisnéise a thugtar sna doiciméid sin, agus ar an mbonn sin amháin, a dhéanfaidh an coiste roghnúcháin na hiarratais a mheas. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar iarrthóirí fianaise thacaíochta a sholáthar do na ráitis atá déanta ina n-iarratais acu. Mura gcuireann iarrthóirí an fhianaise sin ar fáil nuair a iarrtar sin, diúltófar dá n-iarratas.

Chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas déanta in am, molaimid go láidir duit gan cur isteach an iarratais a fhágáil go dtí cúpla uair an chloig roimh an sprioc-am. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras de réir mar a bhíonn an sprioc-am ag teannadh.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

I gcomhréir le beartas na Cúirte maidir le hÉagsúlacht & Cuimsiú agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, is mór ag an gCúirt an éagsúlacht agus cuireann sí comhionannas deiseanna chun cinn. De bhun Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, glacaimid le hiarratais gan idirdhealú ar fhoras ar bith agus tá bearta déanta lena chinntiú go bhfuil cóimheá chothrom ann idir fir agus mná ó thaobh na hearcaíochta de. Ina cheann sin, déanaimid bearta d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait de bharr bac nó míchumas ar leith chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost luath go maith, le do thoil, chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

COSAINT SONRAÍ

Tá an Chúirt tiomanta dá chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an ráiteas príobháideachais ar leith atá againn don earcaíocht ag an seoladh seo a leanas: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

IARRATAÍ AR ATHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, gur glacadh cinneadh i do leith atá mícheart, tá na roghanna seo a leanas ar fáil duit:

I. A IARRAIDH AR AN mBORD ROGHNÚCHÁIN ATHMHACHNAMH A DHÉANAMH AR AN gCINNEADH

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach ina n-iarrtar athmhachnamh a dhéanamh ar chinneadh atá déanta ag an mbord roghnúcháin. Ní foláir an iarraidh sin a sheoladh, laistigh de 10 lá ó fhógairt an chinnidh, chuig ECA-Recours@eca.europa.eu

II. GEARÁIN

Faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán i scríbhinn a chur isteach in aghaidh chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas. Ní foláir é sin a dhéanamh laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin, agus an gearán a chur chuig an seoladh seo:

An tArdrúnaí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

III. ACHOMHAIRC BHREITHIÚNACHA

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú do do ghearán, sa mhéid go ndéanann an cinneadh sin dochar duit, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is dlíodóir a caithfidh caingean den sórt sin a thionscnamh, agus beidh sé sin le déanamh laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

IV. GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist leis an gcaoi ar dhéileáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le d'iarratas, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach, ach teagmháil a bheith déanta ar dtús leis an gCúirt agat d'fhonn an díospóid a réiteach. Beidh ort do ghearán a chur isteach i scríbhinn, agus é sin a dhéanamh laistigh de 2 bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearáin ar líne le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Fiú má dhéantar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní dhéanfar na sprioc-amanna don achomharc atá luaite thuas a chur ar fionraí.